



Oíche Fhéile Sin Seáin





Tinte cnámh Oíche Fhéile Sin Seáin le feiscint ó Chnoc Ghleann an Ghad, Iorras, Co. Mhaigh Eo, 23 Meitheamh, 2001. [Fótó: Noreen Barron]

Oíche Fhéile Sin Seáin

Is iomaí tír ina leagtaí tábhacht mhór ar Lá Fhéile Sin Seáin, 24ú Meitheamh, féile a cheiliúrtar i lár an tsamhraidh agus a luaitear le hEoin Baiste. Is in Éirinn agus sna tíortha Lochlannacha is faide a mhaireann an nós tine chnámh a adhaint an oíche roimh lá féile an naoimh. Is é an tráth den bhliain fheirmeoireachta a mbíonn an fhéile ann, nuair a bhíonn fás maith ag dul ar na barra agus tál an bhainne faoi lán seoil. Tá fianaise áirithe ann a thugann le tuiscint go síolraíonn gnéithe den fhéile in Éirinn ó fhéile na Bealtaine.

I gcás na tine chnámh féin, bhí roinnt deasghnáth a bhain le feirmeoireacht agus cosaint an tí. Bhí nós ann, mar shampla, an t-eallach a sheoladh trí ghríosach na tine chnámh, nó idir dhá thine chnámh.

Ba nós freisin smóil ón tine chnámh a thabhairt trí na páirceanna agus a scaipeadh ar na barra, chomh maith le hiad a iompar timpeall an tí agus chró na mbeithíoch. Is ionann agus deasghnátha íonghlanta iad na cleachtais sin.

Dála na Bealtaine, d'fhéadfaí casadh le neacha osnádúrtha éagsúla in alt na huaire seo, fad a bhí an teorainn idir an dá shaol ar oscailt go sealadach.



Ag ullmhú don tine chnámh, An Doirín, Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo, 22 Meitheamh 2001. [Fótó: Noreen Barron]

Teaghlaigh aonair a
lasadh tinte cnámh
go príomha, ach bhí
tóir freisin ar thinte
cnámh ag leibhéal
an phobail. Ócáid
thábhachtach ba ea
an tine chnámh
chomhchoiteann
don fhéastaíocht
agus don spórt, agus
mar uair fhabhrach
ag lucht suirí tabhairt
faoin bhfáistineacht.



'Tinteán Sin Seáin', Oíche Fhéile Sin Seáin,
Áth an tSléibhe, Co. Luimnigh,
23 Meitheamh 1960.
[Fótó: Caoimhín Ó Danachair]




Bhíodh na tinte cnámh móra lonnaithe in áiteanna feiceálacha, agus bíonn fós: ar bharr cnoic – óna bhféadfaí iad a fheiceáil i ngach cearn mórthimpeall – in áiteanna mar a gcasadh daoine le chéile de ghnáth, ar nós na gcrosbhóthar, nó ar láithreacha fairsinge sna bailte. Tráth den saol dhéantaí tine chnámh Lá Fhéile Eoin a cheiliúradh ar fud na hÉireann, ach sa lá atá inniu ann is i gConnachta is mó atá an traidisiún, agus i gcontaetha an iarthair i gcoitinne.

Ag ullmhú do thine chnámh
Oíche Fhéile Sin Seáin,
Eastát Naomh Pádraig,
Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo,
21 Meitheamh 2001. [Fótó: Noreen Barron]

Timpeall is seachtain roimh Lá tSin Seáin téann na páistí amach agus bailíonn siad go leor rudaí. Bailíonn siad adhmaid, crainn, móin, seanéadaí, agus aiteann. Gheibheann na páistí cnámh agus cuireann siad é i lár na tineadh.

Bíonn spórt mór ag na páistí ag rith agus ag léimnigh thart ar na tintí. Tagann na daoine fásta agus téann siad ag damhsa agus nuair a bhíonns siad ag dul abhaile tugann siad aithinneacha leo agus caitheann siad ins an ngort é ionas go mbeidh na fataí go maith an bhliain sin.

(Baingear, Iorras, Co. Mhaigh Eo)



Tine chnámh Oíche Fhéile Sin Seáin,
An Móta, Paróiste Chill Mhiáin, Co. Ros Comáin,
23 Meitheamh 2001.

[Fótó: Bairbre Ní Fhloinn]

Tuilleadh scéalta ó



Oíche Fhéile Eoin (Gort an Choirce, Co. Dhún na nGall)

Oíche Fhéile Eoin (Mucros, Co. Dhún na nGall)

Oíche Fhéile tSin tSeáin (Ceathrú Thaidhg, Co. Mhaigh Eo)

Lá Fhéile tSin Seáin (Ros Muc, Co. na Gaillimhe)

Féile San Seáin (An Cnoc, Co. na Gaillimhe)

Lá Sin Seáin (Baile an Ghóilín, Co. Chiarraí)

Lá Fhéile Naomh Seáin (Baile Uí Thiarnaigh, Co. Chiarraí)

